03/04/2023
ESMA35-43-3565

# Treoirlínte

**Maidir le gnéithe áirithe de cheanglais MiFID II um luach saothair**

# Clár na nÁbhar

I. Raon feidhme .......... 2

II. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe .......... 3

III. Cuspóir .......... 5

IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe .......... 6

V. Treoirlínte maidir le gnéithe áirithe de cheanglais MiFID II um luach saothair .......... 7

VI. Iarscríbhinn - Samplaí léiritheacha de bheartais agus de chleachtais luacha saothair a chruthaíonn coinbhleachtaí a d’fhéadfadh a bheith deacair a bhainistiú .......... 17

VII. Tábla comhghaoil idir na dréacht-treoirlínte ‘nua’ agus treoirlínte 2013 .......... 20

# I. Raon feidhme

**Cé atá i gceist?**

1. Baineann na treoirlínte seo le húdaráis inniúla agus le gnólachtaí.

**Céard atá i gceist?**

2. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir leis na ceanglais luacha saothair a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe MiFID II, ar thaobh amháin, agus na ceanglais um choinbhleachtaí leasa a leagtar amach in Airteagal 16(3) agus in Airteagal 23 de MiFID II agus Airteagal 34 de Rialachán Tarmligthe MiFID II i réimse an luacha saothair; agus ar an taobh eile, seoladh na rialacha gnó a leagtar amach in Airteagal 24(1) agus (10) de MiFID II. Ina theannta sin, leis na treoirlínte seo déantar cur i bhfeidhm na gceanglas rialachais i réimse an luacha saothair faoi Airteagal 9(3) de MIFID II a shoiléiriú.

**Cathain?**

3. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo sé mhí tar éis dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh.

4. Ar an dáta céanna, scoirfidh na Treoirlínte d'fheidhm a bheith acu maidir le beartais agus cleachtais luacha saothair (MiFID)[1] arna n-eisiúint faoi MiFID.

---

[1] ESMA/2023/606.

# II. Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe

**Tagairtí reachtacha**

| | |
|---|---|
| TBCIM | Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010[2] |
| CRR | Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[3] |
| Rialachán ESMA | Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún[4] |
| MiFID II | Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE[5] |
| Rialachán Tarmligthe MiFID II | Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais eagraíochtúla agus na coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin |
| Treoir GCUI | Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán, agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI) |

**Giorrúcháin**

| | |
|---|---|
| ESMA | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí |
| AE | An tAontas Eorpach |

[2] IO L 174, 01.07.2011, lch. 1-73.
[3] IO L 176, 27.6.2013, lch. 1-337.
[4] IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.
[5] IO L 173, 12.06.2014, lch. 349.

**Sainmhínithe**

5. Mura sonraítear a mhalairt, tá an bhrí chéanna ag téarmaí a úsáidtear i MiFID II agus i Rialachán Tarmligthe MiFID II sna treoirlínte seo.

6. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| gnólachtaí | gnólachtaí infheistíochta (mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(1) de MiFID II), institiúidí creidmheasa (mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(1) den CRR) agus iad ag soláthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta de réir bhrí Airteagal 4(1)(2) de MiFID II, gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa agus iad ag díol nó ag tabhairt comhairle do chliaint maidir le taiscí struchtúracha, cuideachtaí bainistíochta GCUI agus Bainisteoirí seachtracha Cistí Infheistíochta Malartacha (BCIManna) (mar a shainmhínítear in Airteagal 5(1)(a) den TBCIM) le linn na seirbhísí infheistíochta nó na seirbhísí neamh-lárnacha atá liostaithe in Airteagal 6(3) de Threoir GCUI agus Airteagal 6(4) den TBCIM a chur ar fáil |
| critéir chainníochtúla | sonraí uimhriúla nó airgeadais go príomha a úsáidtear chun luach saothair an duine ábhartha a chinneadh (m.sh. luach na n-ionstraimí a dhíoltar, méideanna na ndíolachán, bunú spriocanna le haghaidh díolacháin nó cliaint nua, srl.) |
| critéir cháilíochtúla | critéir seachas critéir chainníochtúla go príomha. Féadfaidh sé tagairt a dhéanamh freisin do shonraí uimhriúla nó airgeadais a úsáidtear chun cáilíocht fheidhmíocht an duine ábhartha agus/nó seirbhíse don chliant a mheas m.sh. toradh ar infheistíocht an chliaint, líon an-íseal gearán thar thréimhse mhór, srl. |

## III. Cuspóir

7. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is é is aidhm do na treoirlínte seo cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach na gceanglas maidir le luach saothair MiFID II a leagtar amach in Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe MiFID II a áirithiú, ar thaobh amháin, agus na ceanglais um choinbhleachtaí leasa a leagtar amach in Airteagal 16(3) agus in Airteagal 23 de MiFID II agus Airteagal 34 de Rialachán Tarmligthe MiFID II i réimse an luacha saothair; agus ar an taobh eile, seoladh na rialacha gnó a leagtar amach in Airteagal 24(1) agus (10) de MiFID II. Ina theannta sin, leis na treoirlínte seo déantar cur i bhfeidhm na gceanglas rialachais i réimse an luacha saothair faoi Airteagal 9(3) de MIFID II a shoiléiriú.

8. Leis na treoirlínte seo, tá súil ag ESMA go ndéanfar cóineasú níos fearr a chur chun cinn maidir le léirmhíniú cheanglais luacha saothair MiFID II agus cur chuige maoirseachta i leith na gceanglas maidir le luach saothair MiFID II chomh maith le coinbhleachtaí leasa MiFID II agus seoladh ceanglais ghnó i réimse an luacha saothair trí bhéim a leagan ar roinnt saincheisteanna tábhachtacha, agus ar an gcaoi sin cur le luach na gcaighdeán atá ann cheana. Trí chuidiú lena áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí caighdeáin rialála, tá ESMA ag súil le neartú comhfhreagrach ar chosaint infheisteoirí.

9. Ní léirítear oibleagáidí iomlána leis na treoirlínte. Ar an ábhar sin, is minic a úsáidtear an focal ‘ba cheart’. Mar sin féin, úsáidtear na focail ‘ba chóir’, ‘ní mór’ nó ‘ceanglaítear’ nuair a dhéantar cur síos ar cheanglas Rialachán Tarmligthe MiFID II nó MiFID II.

# IV. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

**Stádas na dtreoirlínte**

10. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte seo a chomhlíonadh.

11. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ag rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais.

**Ceanglais tuairiscithe**

12. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) atá na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach é beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.

13. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh.

14. Tá teimpléad le haghaidh fógra a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta isteach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.

15. Ní cheanglaítear ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thuairisciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

# V. Treoirlínte maidir le gnéithe áirithe de cheanglais MiFID II um luach saothair

## V.I DEARADH BEARTAS AGUS CLEACHTAS UM LUACH SAOTHAIR

**Reachtaíocht ábhartha: Airteagail 16(3), 23 agus 24(10) de MiFID II chomh maith le hAirteagail 27 agus 34 de Rialachán Tarmligthe MiFID II**

*Treoirlíne 1*

16. Agus beartais agus cleachtais luach saothair á gceapadh i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe MiFID II agus, go háirithe, i gcás ina bhfuil comhpháirteanna inathraithe sa luach saothair, ba cheart do ghnólachtaí critéir iomchuí a shainiú chun leasanna na ndaoine ábhartha agus na ngnólachtaí a ailíniú le leasanna na gcliant. Maidir le critéir den sórt sin lena ndéanfaí leasanna na ndaoine ábhartha agus na ngnólachtaí a ailíniú le leasanna na gcliant, ba cheart go gceadófaí do na gnólachtaí measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht daoine ábhartha.

17. D'fhonn é sin a dhéanamh agus i gcomhréir le hAirteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe MiFID II, breithneoidh gnólachtaí critéir cháilíochtúla a spreagann na daoine ábhartha gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint. Áirítear le samplaí de chritéir cháilíochtúla iomchuí comhlíonadh na gceanglas rialála amhail rialacha iompair gnó (go háirithe, athbhreithniú ar oiriúnacht na n-ionstraimí a dhíolann daoine ábhartha le cliaint, más ábhartha) agus nósanna imeachta inmheánacha, cóir chothrom na gcliant agus sástacht na gcliant.

18. Ba cheart go ndéanfaí na critéir cháilíochtúla arna n-úsáid ag gnólachtaí ina mbeartais agus ina gcleachtais luacha saothair a shainiú agus a dhoiciméadú go leordhóthanach agus go soiléir chun a áirithiú nach bhfuil siad á n-úsáid chun critéir tráchtála chainníochtúla a thabhairt isteach arís go hindíreach a d'fhéadfadh coinbhleachtaí leasa nó dreasachtaí a chruthú sa chaoi go dtabharfadh daoine ábhartha fabhar dá gcuid leasanna féin nó do leasanna a ngnólachta chun aimhleasa féideartha aon chliaint. Mar shampla, má úsáideann gnólacht sástacht na gcliant mar chritéar cáilíochtúil agus luach saothair inathraithe na ndaoine ábhartha á gcinneadh, ba cheart go mbeadh sé soiléir ón mbeartas luacha saothair conas a bheidh feidhmíocht foirne á thomhas ag an ngnólacht ina leith seo agus é curtha in iúl sa bheartas luacha saothair cad iad na sonraí a úsáidfear, aon tairseacha is infheidhme, srl. ionas nach gcruthófar critéar doiléir a fhéadfaidh an gnólacht a úsáid, ina ionad sin, chun luach saothair a thabhairt d'fhoireann díolacháin nó brú a chur ar fhoireann díolacháin táirgí áirithe a dhíol (cé nach ndéanfaí sa bheartas luacha saothair critéir tráchtála den sórt sin amhail táscairí feidhmíochta a léiriú go cainníochtúil).

19. Maidir le critéir chainníochtúla, ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go gcuirfí san áireamh critéir nach gcruthaíonn coinbhleachtaí leasa nó dreasachtaí sa chaoi go dtabharfadh daoine ábhartha fabhar dá leasanna féin nó do leasanna a ngnólachta chun aimhleasa féideartha aon chliaint. Mar shampla, féadfaidh gnólachtaí cuspóirí díolacháin a shannadh don fhoireann ar choinníoll nach gcruthaíonn cuspóirí tráchtála den sórt sin dreasacht don fhoireann díolacháin gan ach táirgí áirithe a mholadh chun

aimhleasa leas na gcliant (mar shampla, táirgí grúpa nó táirgí atá níos brabúsaí don gnólacht nó don ghrúpa) agus go ndéanfar aon choinbhleacht leasa a mhaolú i gceart trí úsáid a bhaint as critéir eile a bhfuil an t-ualú céanna orthu amhail feidhmíocht na foirne maidir le ceanglais oiriúnachta nó sástacht na gcliant.

20. Níor cheart go mbeadh na meáchain a chuirtear i leith na gcritéar a úsáidtear chun an luach saothair a chinneadh de chineál go bhfágann siad cuid de na critéir, go háirithe cinn cháilíochtúla, neamhshuntasach nó go dtugann siad an iomarca suntais do chinn eile, go háirithe cinn chainníochtúla tráchtála.

21. Agus beartais agus cleachtais luacha saothair á gceapadh i gcomhréir leis na ceanglais faoi Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe MiFID II, ba cheart do ghnólachtaí na fachtóirí ábhartha uile a mheas, amhail an ról atá ag daoine ábhartha, an cineál táirgí a thairgtear, agus na modhanna dáileacháin (m.sh. comhairleach nó neamhchomhairleach, duine le duine nó trí theileachumarsáid/cumarsáid leictreonach), ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin, chun seoladh féideartha gnó agus rioscaí coinbhleachta leasa a chosc ó dhíobhálacha a dhéanamh ar leasanna a gcuid cliant agus chun a chinntiú go mbainistíonn sé go leordhóthanach aon riosca iarmharach gaolmhar.

22. Gan dochar don cheanglas sa dara fomhír d’Airteagal 27(4) de Rialachán Tarmligthe MiFID II, ba cheart go gceadódh na beartais agus na cleachtais luacha saothair atá i bhfeidhm beartas solúbtha maidir le luach saothair inathraithe a oibriú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an fhéidearthacht gan aon luach saothair athraitheach ar chor ar bith a íoc.[6]

23. Maidir le luach saothair inathraithe, ba cheart do ghnólachtaí spriocanna feidhmíochta a sheachaint a d’fhéadfadh na daoine ábhartha a dhreasú chun iompraíochtaí atá dírithe ar ghnóthachain ghearrthéarmacha a ghlacadh chun na tairseacha ábhartha a chomhlíonadh amhail “spriocanna iomlána nó dada” nuair a d’fhéadfadh siad sin coinbhleacht leasa a chruthú nó dochar a dhéanamh do leasanna na gcliant. Ba cheart do ghnólachtaí fabhar a thabhairt do bheartais agus do chleachtais luacha saothair ina ndéantar an chuid athraitheach den luach saothair a ríomh agus a dhámhachtain ar bhonn líneach nó i gcás ina mbraitheann an chuid athraitheach ar roinnt spriocanna feidhmíochta a shocraítear ar leibhéil éagsúla agus ina dtugtar cearta ar mhéideanna éagsúla nó, de rogha air sin, rátaí éagsúla luacha saothair athraithigh.

24. Agus a mbeartais luacha saothair á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart do ghnólachtaí a chur san áireamh coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh a bheith ann nó rioscaí a bhaineann le dochar a dhéanamh do leasanna na gcliant, a eascraíonn as cuspóirí tras-díola a fhorchuirtear ar dhaoine ábhartha. Mar shampla, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chásanna ina spreagfaí daoine ábhartha chun coinníollacha níos fearr a dheonú do chliaint faoi iasacht mhorgáiste ag brath ar an gcoinníoll go

[6] Agus luach saothair gníomhairí faoi cheangal á chinneadh, féadfaidh gnólachtaí stádas speisialta na ngníomhairí faoi cheangal (mar ghníomhairí tráchtála féinfhostaithe de ghnáth) agus na sainiúlachtaí náisiúnta faoi seach a chur san áireamh.

gceannaíonn an cliant sin ionstraim airgeadais shonrach atá ina cuid de chuspóirí díolacháin na ndaoine ábhartha.

25. I bhfianaise an tsainmhínithe leathain ar luach saothair dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe MiFID II, ba cheart go n-áiritheofaí freisin le beartais agus cleachtais luacha saothair gnólachtaí go mbíonn ceanglais luacha saothair MiFID II á gcomhlíonadh ag na critéir a úsáidtear um arduithe pá agus arduithe céime a mheas. Mar shampla, níor cheart úsáid a bhaint as córais bainistíochta dul chun cinn gairme de chuid gnólachtaí chun critéir chainníochtúla tráchtála a thabhairt isteach a d’fhéadfadh a bheith ag brath ar dhul chun cinn gairme na ndaoine ábhartha agus a mbeadh tionchar acu ar a luach saothair (seasta agus/nó inathraithe) dá gcruthófaí coinbhleachtaí leasa dá bharr sin, a d’fhéadfadh daoine ábhartha den sórt sin a spreagadh chun gníomhú i gcoinne leasanna cliant a ngnólachtaí.

26. Gan dochar do phrionsabail ghinearálta na gconarthaí náisiúnta nó an dlí saothair, ba cheart do ghnólachtaí breithniú a dhéanamh ar chritéir choigeartaithe ex-post an luacha saothair inathraithe a áireamh ina mbeartais agus ina gcleachtais luacha saothair chun daoine ábhartha a dhíspreagadh tuilleadh neamhaird a dhéanamh ar leasanna na gcliant nó fabhar a thabhairt dá leasanna féin (mar shampla, trí infheistíocht a dhéanamh i dtáirgí a bhfuil torthaí gearrthéarmacha níos airde acu ach a bhfuil níos mó rioscaí ag baint leo san fhadtéarma nó nach bhfuil oiriúnach do thréimhse infheistíochta ionchasach an chliaint) chun cuspóirí feidhmíochta gearrthéarmacha a bhaint amach. Ba cheart go gceadófaí le critéir choigeartaithe ex-post do ghnólachtaí leasanna an ghnólachta agus na ndaoine ábhartha a ailíniú tuilleadh le leasanna na gcliant trí luach saothair inathraithe a choigeartú má thagann cás mí-iompair chun cinn tar éis don luach saothair a bheith bronnta nó íoctha. Ionas go mbeidh na critéir sin éifeachtach, ba cheart do ghnólachtaí breithniú a dhéanamh, ag brath ar chineál, ar scála agus ar chastacht a ngníomhaíochtaí, lena n-áirítear ina mbeartais luacha saothair agus ina gcleachtais luacha saothair sásraí coigeartaithe ex-post iomchuí amhail cur i bhfeidhm malus (i.e. laghdú de luach iomlán nó cuid de luach saothair inathraithe iarchurtha bunaithe ar choigeartuithe priacail ex-post sular dílsíodh é) agus aisghlámais (i.e. úinéireacht ar mhéid luach saothair inathraithe a íocadh san am atá thart nó a dílsíodh don institiúid cheana féin faoi choinníollacha áirithe).

27. Ba cheart sásraí coigeartaithe ex-post dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a spreagadh le teagmhais ábhartha a imríonn tionchar ar chomhlíonadh an ghnólachta nó na ndaoine ábhartha maidir leis na forálacha is infheidhme faoi MiFID II agus a ghníomhartha tarmligthe a dhíríonn ar chóireáil chothrom na gcliant agus ar cháilíocht na seirbhísí a chuirtear ar fáil do chliaint. Níor cheart teagmhais ábhartha a imríonn tionchar ar chomhlíonadh na rialachán is infheidhme ag an ngnólacht agus ag daoine ábhartha a theorannú dóibh siúd as a n-eascraíonn beart maoirseachta, fíneálacha nó smachtbhannaí ach ba cheart go gcuirfí san áireamh teipeanna nó sáruithe deimhnithe. Ba cheart sásraí coigeartaithe ex-post a chur i bhfeidhm maidir leis na daoine ábhartha atá ag gabháil go díreach do mhí-iompar ach ba cheart do ghnólachtaí a mheas freisin cibé an mbeadh sé iomchuí iad a chur i bhfeidhm freisin ar ghrúpa níos mó, amhail na daoine ábhartha a bhfuil na réimsí ina bhfuil na teagmhais ábhartha bainte amach san áireamh ina bhfreagrachtaí.

28. Ba cheart go gcuirfí san áireamh agus sásraí coigeartaithe ex-post á gcur i bhfeidhm a thromchúisí atá aon teip nó aon mhí-iompar a dhéanann dochar do leasanna na gcliant.

29. Ionas go mbeidh brí le sásraí coigeartaithe ex-post, ba cheart do ghnólachtaí smaoineamh ar an luach saothair inathraithe a íoc go páirteach roimh ré agus go páirteach iarchurtha, ar chothromaíocht iomchuí idir an chuid a íocadh roimh ré agus an chuid a iarchuireadh, agus de réir sceidil iarchurtha iomchuí lena gceadaítear do leasanna na ndaoine ábhartha agus na ngnólachtaí a ailíniú le leasanna na gcliant.

30. Ina theannta sin, ba cheart do ghnólachtaí bearta a ghlacadh agus a choimeád ar bun lena gcumasófar dóibh cásanna a shainaithint go héifeachtach ina mainneoidh an duine ábhartha gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint agus beart leasúcháin a dhéanamh.

31. Ba cheart daoine ábhartha a chur ar an eolas go soiléir, ag an tús, faoi na critéir a úsáidfear chun méid a luacha saothair a chinneadh, an meáchan a shanntar do gach ceann acu, na hiarmhairtí mura gcomhlíonfar ceann amháin nó an ceann eile agus céimeanna agus uainiú a n-athbhreithnithe feidhmíochta. Ba cheart go mbeadh na critéir a úsáideann gnólachtaí chun feidhmíocht daoine ábhartha a mheasúnú inrochtana, intuigthe agus taifeadta.

32. Ba cheart do ghnólachtaí beartais agus cleachtais atá casta gan ghá a sheachaint (amhail teaglaim de bheartais agus de chleachtais éagsúla, nó scéimeanna ilghnéitheacha nó ilshraitheacha, lena méadaítear an riosca nach spreagfar iompar daoine ábhartha chun gníomhú ar mhaithe le leas na gcliant, agus nach mbeidh aon rialuithe i bhfeidhm chomh héifeachtach chun an riosca díobhála don chliant a shainaithint). D'fhéadfadh cur chuige neamh-chomhsheasmhach a bheith mar thoradh air seo agus go gcuirfí isteach ar eolas ceart nó rialú ceart ar na beartais leis an bhfeidhm chomhlíonta. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na treoirlínte seo samplaí léiriúcháin de bheartais agus de chleachtais luacha saothair a chruthaíonn rioscaí a d'fhéadfadh a bheith deacair a bhainistiú mar gheall ar a gcastacht, agus a thugann dreasachtaí láidre chun táirgí sonracha a dhíol.

33. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go ndéanfaidh na bearta eagraíochtúla a ghlacann siad maidir le seoladh táirgí nó seirbhísí nua a mbeartais agus a gcleachtais luacha saothair agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na táirgí nó seirbhísí sin a chur san áireamh go hiomchuí. Go háirithe, sula seolfar táirge nua, ba cheart do ghnólachtaí measúnú a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann na gnéithe luacha saothair a bhaineann le dáileadh an táirge sin beartais agus cleachtais luacha saothair an ghnólachta agus, dá bhrí sin, nach mbaineann rioscaí do sheoladh gnó nó coinbhleachtaí leasa leo. Ba cheart go ndéanfadh gnólachtaí an próiseas seo a dhoiciméadú go cuí.

34. D'fhonn coinbhleachtaí leasa a sheachaint maidir lena ról i ndearadh agus/nó maoirsiú bheartais agus chleachtais luacha saothair an ghnólachta, ceapadh na beartais agus na cleachtais luacha saothair is infheidhme maidir le feidhmeanna rialaithe (bainistíocht

riosca agus feidhmeanna iniúchta inmheánaigh, i gcás ina bhfuil siad bunaithe)[7], níor cheart go gcuirfeadh comhlacht bainistíochta nó bainistíocht shinsearach an ghnólachta a n-oibiachtúlacht agus a neamhspleáchas i mbaol.

35. Mar sin, ba cheart luach saothair fhoireann na bhfeidhmeanna rialaithe a bheith bunaithe ar chuspóirí a bhaineann go sonrach le feidhm. Ina theannta sin, níor cheart an chuid athraitheach de luach saothair na foirne i bhfeidhmeanna rialaithe, más ann di, a bheith nasctha le feidhmíocht tráchtála chainníochtúil na ndaoine ábhartha a bhfuil a luach saothair faoina gcúram a dhearadh agus/nó a rialú. I gcás ina bhfuil comhpháirt atá bunaithe ar fheidhmíocht tráchtála an ghnólachta (m.sh. méid na ndíolachán) san áireamh i luach saothair fhoireann na bhfeidhmeanna rialaithe, féadfaidh méadú teacht ar an riosca coinbhleachtaí leasa agus ba cheart aghaidh a thabhairt air i gceart trí úsáid a bhaint as critéir cháilíochtúla iomchuí nó critéir choigeartaithe.

36. I gcás ina gceadaítear do ghnólachtaí feidhmeanna rialaithe inmheánaigh a chomhcheangal le feidhmeanna oibríochtúla, fanann siad, ina n-ainneoin sin faoi réir a gcoinbhleachtaí leasa MiFID II agus a n-oibleagáidí gnó a sheoladh. Dá bhrí sin, ba cheart go gceadódh na beartais agus na cleachtais luacha saothair is infheidhme maidir leo, ina n-ainneoin sin, go bhfanfadh feidhmeanna rialaithe inmheánaigh den sórt sin éifeachtach (mar a fhoráiltear le hAirteagal 22(4) de Rialachán Tarmligthe MiFID II maidir leis an bhfeidhm chomhlíonta).

37. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú freisin nár cheart le struchtúr luacha saothair chomhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus bhainistíocht shinsearach an ghnólachta, mar aon leis na critéir a úsáidtear chun feidhmíocht a mheasúnú, go gcruthófaí coinbhleachtaí leasa nó dreasachtaí a d’fhéadfadh comhaltaí de chomhlacht bainistíochta nó de bainistíocht shinsearach an ghnólachta nó daoine ábhartha sa ghnólacht a threorú chun fabhar a thabhairt dá leasanna féin nó do leasanna an ghnólachta chun aimhleasa féideartha aon chliaint.

38. Na beartais agus na cleachtais luacha saothair is infheidhme maidir le daoine ábhartha (lena n-áirítear cóip-thrádálaithe, i gcás inarb infheidhme) nach fostaithe de chuid an ghnólachta iad ach a thagann faoi raon feidhme cheanglais luacha saothair MiFID II, mar sin féin, toisc gur:

    i) duine nádúrtha iad a gcuirtear a seirbhísí ar fáil agus faoi rialú an ghnólachta nó ghníomhaire faoi cheangal de chuid an ghnólachta agus atá páirteach i soláthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta ag an ngnólacht[8]; nó

    ii) duine nádúrtha iad a bhfuil baint dhíreach acu le seirbhísí a sholáthar don ghnólacht nó dá ghníomhaire faoi cheangal faoi shocrú seachfhoinsithe chun críocha an ghnólachta do sholáthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta[9],

[7] Tá feidhm ag Airteagal 22(3)(e) de Rialachán Tarmligthe MiFID II maidir leis an bhfeidhm chomhlíonta.
[8] Airteagal 2(1)(c) de Rialachán Tarmligthe MiFID II.
[9] Airteagal 2(1)(d) de Rialachán Tarmligthe MiFID II.

ba cheart dóibh ceanglais luacha saothair MiFID II agus na treoirlínte seo a chomhlíonadh freisin.

39. Samplaí de dhea-chleachtas:

    a. Is gnách i measc na dtáirgí a dhíoltar iad na tagairtí a úsáidtear chun luach saothair inathraithe na ndaoine ábhartha a ríomh.

    b. I gcás infheistíocht neamhiata gan aon téarma infheistíochta, cuirtear an luach saothair siar ar feadh roinnt blianta socraithe nó go dtí go n-aistrítear an táirge.

40. Samplaí de droch-chleachtas:

a. Tá tús curtha ag gnólacht ag tairiscint luach saothair sonrach breise do chomhairleoirí chun cliaint a spreagadh chun iarratas a dhéanamh ar tháirgí ciste nua a bhfuil suim ar leith ag an ngnólacht iontu. Is minic go mbíonn ar an duine ábhartha a mholadh go ndíolfadh a gcliaint táirgí a mholfaidís seachas sin iad a choinneáil ionas gur féidir leo infheistíocht a dhéanamh sna táirgí nua sin.

b. Faigheann bainisteoirí agus fostaithe bónas mór atá nasctha le táirge ar leith. Mar thoradh air sin, molann comhairleoirí an ghnólachta an táirge sonrach seo beag beann ar oiriúnacht an táirge seo do na cliaint a ndírítear orthu.[10] Ní thugtar aird ar rabhaidh ón mbainisteoir riosca toisc go ngineann na táirgí infheistíochta torthaí arda don ghnólacht. Nuair a tharlaíonn na rioscaí arna n-aithint, tá na táirgí díolta cheana féin agus tá na bónais íoctha cheana féin.

c. Níl an chomhpháirt athraitheach den luach saothair iomlán bunaithe ach ar mhéideanna díolta, agus méadaítear fócas an duine ábhartha ar ghnóthachain ghearrthéarmacha seachas leas an chliaint.

d. Bíonn daoine ábhartha ag ceannach agus ag díol ionstraimí airgeadais go minic i bpunann an chliaint chun luach saothair breise a thuilleamh gan breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht na gníomhaíochta seo don chliant. Ar an gcaoi chéanna, seachas breithniú a dhéanamh ar oiriúnacht táirge do chliant, díríonn daoine ábhartha ar dhíol táirgí a bhfuil téarma infheistíochta gearr acu chun luach saothair a thuilleamh as an táirge a ath-infheistiú tar éis an ghearrthéarma.

e. Is é an t-údarás inniúil atá ag maoirsiú an ghnólachta a shainaithníonn sáruithe rialála faoi MiFID II agus a ghníomhartha tarmligthe a dhéanann dochar do leasanna na gcliant ach ní fhorchuirtear aon smachtbhannaí airgeadais ar an ngnólacht toisc gur leigheasadh an neamhchomhlíonadh ó shin i leith. Cinneann an gnólacht an t-uasluach saothair seasta agus athraitheach don bhliain a leithdháileadh ar a chomhaltaí boird ar an mbonn gur comhlíonadh na critéir eile, rud nach dtarraingíonn iarmhairtí neamhchomhlíonta an ghnólachta lena oibleagáidí rialála agus ról a chomhaltaí boird chuige.

[10] Sa chás sin, sháródh an gnólacht na ceanglais oiriúnachta is infheidhme freisin.

## V.II RIALACHAS

**Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 9(3) de MiFID II agus Airteagal 27(3) de Rialachán Tarmligthe MiFID II**

*Treoirlíne 2*

41. Chomh maith leis an athbhreithniú tréimhsiúil ar a mbeartas luach saothair i scríbhinn[11], ba cheart do ghnólachtaí é a athbhreithniú freisin tar éis aon leasú ábhartha agus suntasach ar a ngníomhaíochtaí gnó nó ar a struchtúr gnó. I gcás ina nochtar san athbhreithniú nach n-oibríonn an beartas luach saothair mar a bhí beartaithe nó go bhfuil riosca iarmharach díobhálach do chliaint an ghnólachta ag eascairt as (bainte amach nó nach bainte amach), ba cheart an beartas luacha saothair a leasú ar bhealach tráthúil agus éifeachtach.

42. Ba cheart doiciméadú cuí ar an mbeartas luacha saothair a choinneáil ar bhealach soiléir trédhearcach, chomh maith leis an bpróiseas cinnteoireachta agus nósanna imeachta as a dtiocfaidh a fhormheas nó a leasú, agus é a chur ar fáil don chomhlacht bainistíochta agus don bhainistíocht shinsearach mar aon le feidhmeanna rialaithe eile a bhfuil baint acu le dearadh, monatóireacht agus/nó athbhreithniú an bheartais agus na nósanna imeachta luach saothair.

43. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go bhfuil rochtain ag an bhfeidhm chomhlíonta ar na doiciméid agus ar an bhfaisnéis ábhartha go léir a chuirfidh ar a chumas a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 22(3)(a) maidir leis na beartais agus na cleachtais luacha saothair a bhaineann le daoine ábhartha, lena n-áirítear comhaltaí an chomhlachta bainistíochta agus bainistíochta sinsearaí, ar bhealach ceart neamhspleách.

44. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú freisin go ndéanfaidh a gcomhlacht bainistíochta, tar éis comhairle a fháil ón bhfeidhm chomhlíonta, aon leasú suntasach a dhéanfar ar bheartas luach saothair an ghnólachta a fhormheas.

45. Ag brath ar mhéid an ghnólachta agus ar chastacht a shamhail ghnó agus ar na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí infheistíochta a chuirtear ar fáil, d'fhéadfadh go n-éileofaí leis an athbhreithniú ar an mbeartas luach saothair go mbeadh baint ag feidhmeanna rialaithe eile (cosúil le feidhmeanna bainistíochta riosca agus/nó iniúchta inmheánaigh), chun a áirithiú go n-úsáidtear critéir oiriúnacha feidhmíochta agus coigeartaithe riosca.

46. Tá an bhainistíocht shinsearach freagrach agus ba cheart dóibh an fhreagracht deiridh a choinneáil do chur chun feidhme laethúil an bheartais luacha saothair agus do mhonatóireacht a dhéanamh ar rioscaí comhlíonta a bhaineann leis an mbeartas.

47. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go bhfuil línte tuairiscithe iomchuí agus trédhearcacha i bhfeidhm acu ar fud an ghnólachta nó an ghrúpa chun cabhrú le

[11] I gcomhréir le hAirteagal 9(3) de MiFID II agus Airteagal 27(3) den Rialachán Tarmligthe MiFID II.

saincheisteanna a ardú, a bhaineann le rioscaí neamhchomhlíonta le luach saothair MiFID II, coinbhleachtaí leasa agus seoladh ceanglais ghnó.

## V.III RIOSCAÍ A BHAINEANN LE BEARTAIS AGUS CLEACHTAIS LUACHA SAOTHAIR A RIALÚ

**Reachtaíocht ábhartha: Airteagal 9(3) agus Airteagal 27(3) de Rialachán Tarmligthe MiFID II**

*Treoirlíne 3*

48. Ba cheart do ghnólachtaí rialuithe leordhóthanacha a bhunú chun comhlíonadh a mbeartas agus a gcleachtas luacha saothair a mheas agus chun a chinntiú go seachadann siad sin na torthaí atá beartaithe. Ba cheart na rialuithe a chur chun feidhme ar fud an ghnólachta agus a bheith faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil. Ba cheart go n-áireofaí le rialuithe den sórt sin measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil don chliant – mar shampla, faireachán a dhéanamh ar ghlaonna ar dhíolacháin ghutháin, sampláil na comhairle agus punanna na gcliant a chuirtear ar fáil chun oiriúnacht a sheiceáil nó dul trí dhoiciméadacht eile an chliaint ar bhonn tréimhsiúil.

49. D'fhonn rialuithe den sórt sin a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus riosca-bhunaithe, ba cheart do ghnólachtaí raon leathan faisnéise a úsáid maidir le faireachán cáilíochta gnó agus patrúin díolacháin, lena n-áirítear anailís ar threochtaí agus bunchúiseanna, chun réimsí riosca méadaithe a shainaithint agus chun tacú le riosca-cur chuige bunaithe ar mhonatóireacht díolacháin, le béim ar leith ar dhaoine ábhartha ardfheidhmíochta (maidir le díolacháin mar shampla).

50. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go ndéanfar torthaí anailísí agus rialuithe den sórt sin a dhoiciméadú go soiléir agus a thuairisciú don bhainistíocht shinsearach mar aon le tograí do bheart ceartaitheach, más gá. Ba cheart go dtabharfadh an fheidhm chomhlíonta cabhair freisin don bhainistíocht shinsearach chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar na rioscaí comhlíonta a bhaineann le beartas luacha saothair an ghnólachta (bunaithe freisin ar na rialuithe ex-post a dhéantar i gcomhréir leis an treoirlíne seo). I gcás ina bhféadfadh aimhleas cliaint ionchasacha nó iarbhír teacht chun cinn mar thoradh ar ghnéithe sonracha i mbeartais agus i gcleachtais luacha saothair, ba cheart do ghnólachtaí bearta iomchuí a ghlacadh chun seoladh gnó féideartha agus rioscaí coinbhleachta leasa a bhainistiú trí athbhreithniú agus/nó leasú a dhéanamh ar na gnéithe sonracha sin, agus rialuithe agus sásraí tuairiscithe iomchuí chun gníomhaíocht chuí a ghlacadh chun stiúradh féideartha gnó agus rioscaí coinbhleachta leasa a mhaolú.

51. Agus soláthar seirbhísí infheistíochta á seachfhoinsiú, ba cheart go dtabharfadh gnólachtaí aird ar leasanna an chliaint. I gcás go bhfuil gnólacht ag iarraidh gnólacht eile a úsáid chun seirbhísí a sholáthar ba cheart dó a sheiceáil go leanann beartais agus cleachtais luacha saothair an ghnólachta eile cur chuige atá comhsheasmhach leis na treoirlínte seo. Ina theannta sin, ba cheart go seachnódh gnólachtaí struchtúir eisfhoinsithe nó dáileacháin a leagan síos (lena n-áirítear trí ghníomhairí ceangailte a úsáid) i gcás ina bhfuil na beartais nó na cleachtais luacha saothair is infheidhme maidir

le struchtúir den sórt sin mar chúis le deacrachtaí don ghnólacht faireachán a dhéanamh ar rioscaí comhlíonta na dtreoirlínte seo agus leis na coinbhleachtaí leasa agus seoladh beartas agus nósanna imeachta gnó i réimse an luacha saothair nó méadú ar an riosca go ndéanfaí dochar do leasanna na gcliant.

52. Ba cheart do ghnólachtaí a áirithiú go ndéanfaidh siad measúnú, ar bhonn rialta, cibé an bhfuil na sonraí cáilíochtúla a theastaíonn chun an luach saothair inathraithe a íocann siad le daoine ábhartha a ghabháil go leordhóthanach sna huirlisí bainistíochta faisnéise a úsáideann siad.

53. Samplaí de dea-chleachtas:

a. D’fhonn a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil a scéimeanna dreasachta iomchuí, tugann gnólacht faoi chlár chun dul i dteagmháil le sampla de chliaint go gairid tar éis díolachán lena mbaineann próiseas díolacháin duine le duine a chur i gcrích i gcás nach bhfuil sé in ann faireachán a dhéanamh ar chomhráite díolacháin gutháin taifeadta, ionas go ndéantar tástáil ar ghníomhaigh an díoltóir go hionraic, go cothrom agus go gairmiúil i gcomhréir le leas an chliaint.

b. Aithnítear go bhféadfadh riosca níos airde a bheith ag baint le saothraithe agus taibheoirí a bhfuil an luach saothair is airde acu, agus, mar thoradh air sin, déantar grinnscrúdú breise orthu; agus úsáidtear faisnéis amhail torthaí comhlíonta roimhe seo, sonraí maidir le gearáin nó sonraí cealaithe chun seiceáil comhlíonta a threorú. Bíonn tionchar ag na haschuir ar dhearadh/athbhreithniú an bheartais agus na gcleachtas luacha saothair.

54. Sampla de droch-chleachtas:

a. Bíonn gnólacht ag brath go príomha ar shonraí tráchtála cainníochtúla mar na critéir chun luach saothair inathraithe a mheasúnú.

b. Tá spriocanna straitéiseacha éagsúla socraithe ag an mbainistíocht shinsearach don ghnólacht atá le baint amach i mbliain áirithe. Is cosúil go ndírítear na spriocanna go léir ar ghnéithe airgeadais nó tráchtála amháin gan an dochar a d’fhéadfadh a bheith ann do chliaint an ghnólachta a chur san áireamh. Beidh an beartas luacha saothair ag teacht leis na spriocanna straitéiseacha seo agus mar sin beidh fócas láidir gearrthéarmach airgeadais agus tráchtála air.

c. In ainneoin an chúraim a dhéantar maidir le beartais agus cleachtais luacha saothair a dhearadh agus a mheas, déantar dochar do chliaint i roinnt beartas agus cleachtas, rud a chruthaíonn rioscaí nach mór a aithint agus a mhaolú.

d. Chun a chuid táirgí a dháileadh, bíonn gnólacht ag brath ar líonra díolacháin il-leibhéil comhdhéanta de phearsanra nó dáileoirí tríú páirtí amháin a fhaigheann luach saothair de réir líon idirbheart na gcliant a ghabhtar go díreach leo féin, agus a rangú i struchtúr díolacháin na cuideachta. le héifeacht ghiarála ag brath ar líon

na leibhéal dáilte thíos agus líon na ndáileoirí i ngach leibhéal.12 D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair ag an ngnólacht faireachán a dhéanamh ar rioscaí comhlíonta na dtreoirlínte seo do gach leibhéal (go háirithe na cinn is iargúlta) agus an struchtúir iomláin mar gheall ar struchtúir díolacháin den sórt sin, in éineacht leis na beartais agus na cleachtais luacha saothair a bhfuil cur síos orthu thuas.

55. Áirítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis na treoirlínte seo samplaí léiriúcháin de bheartais agus de chleachtais luacha saothair a chruthódh dreasachtaí láidre chun táirgí sonracha a dhíol agus a mbeadh deacrachtaí ag gnólachtaí dá bhrí sin comhlíonadh cheanglais MiFID a léiriú. Ba cheart do ghnólachtaí rioscaí um sheoladh gnó agus coinbhleachta leasa a bhaineann le samplaí den sórt sin a chur san áireamh agus a mbeartais agus a gcleachtais luacha saothair á gceapadh agus á gcur chun feidhme acu.

[12] I struchtúir díolacháin den sórt sin, déantar grúpaí il-leibhéil daoine aonair a chomhordú ag duine eile ar a dtugtar "maoirseoir" nó "bainisteoir" atá i gceannas ar thacaíocht, oiliúint, comhordú agus maoirseacht an struchtúir. Tá sé de chúram ar na maoirseoirí nó na bainisteoirí sin daoine aonair eile a earcú freisin.

## VI. Iarscríbhinn - Samplaí léiritheacha de bheartais agus de chleachtais luacha saothair a chruthaíonn coinbhleachtaí a d’fhéadfadh a bheith deacair a bhainistiú

1. Baineann gnéithe áirithe luacha saothair (mar shampla, an bonn pá, reáchtáil comórtais bunaithe ar fheidhmíocht do dhaoine ábhartha) le riosca níos airde go ndéanfaí damáiste do chliaint ná do dhaoine eile (go sonrach iad siúd a chuimsíonn gnéithe a d’fhéadfadh a bheith deartha chun tionchar a imirt ar iompar daoine ábhartha, i.e. go háirithe an fórsa díolacháin). I measc na samplaí de bheartais agus de chleachtais luacha saothair ardriosca a bheidh deacair go ginearálta a bhainistiú, agus ina mbeadh sé deacair do ghnólacht comhlíonadh MiFID II a léiriú, tá:

2. Dreasachtaí a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar dhaoine ábhartha chun táirge nó catagóir táirge amháin seachas ceann eile a dhíol, nó a ‘bhrú’ nó chun éadálacha nó díolacháin neamhriachtanacha/mí-oiriúnacha a dhéanamh don infheisteoir: go háirithe cásanna ina seolann gnólacht táirge nua nó ina ndéanann gnólacht táirge ar leith a bhrú, (m.sh. táirge na míosa nó “táirgí inmheánacha”) agus daoine ábhartha a dhreasú chun an táirge sonrach sin a dhíol. I gcás ina bhfuil an dreasacht éagsúil le haghaidh cineálacha éagsúla táirgí, tá riosca ard ann go dtabharfaidh daoine ábhartha fabhar don táirge a bhfuil luach saothair níos airde mar thoradh air a dhíol in ionad táirge eile gan aird iomchuí a thabhairt ar cad atá chun leasa an chliaint.

    a. Sampla: Tá beartais agus cleachtais luacha saothair ag gnólacht atá nasctha le díolachán táirgí aonair i gcás ina bhfaigheann an duine ábhartha leibhéil éagsúla dreasachtaí ag brath ar an táirge sonrach nó ar an gcatagóir táirgí a dhíolann sé.

    b. Sampla: Tá beartais agus cleachtais luacha saothair ag gnólacht a bhaineann le díolachán táirgí aonair, i gcás ina bhfaigheann an duine ábhartha an leibhéal céanna dreasachta thar raon táirgí. Ag amanna teoranta áirithe, áfach, ag an am céanna le gníomhaíochtaí cur chun cinn nó margaíochta, méadaíonn an gnólacht an dreasacht a íoctar as díolachán táirgí áirithe.

    c. Sampla: Dreasachtaí a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar dhaoine ábhartha (ar féidir luach saothair a fháil trí choimisiún amháin, mar shampla) chun iontaobhais aonad a dhíol seachas iontaobhais infheistíochta – i gcás ina bhféadfadh an dá tháirge a bheith chomh hoiriúnach céanna do chliaint – toisc go n-íocann díolacháin iontaobhas aonad coimisiúin i bhfad níos airde.

3. Ceanglais mhíchuí a mbíonn tionchar acu ar cibé acu an n-íoctar dreasachtaí: beartais agus cleachtais luacha saothair lena n-áirítear, mar shampla, ceanglas chun cuóta de íosleibhéil díolacháin a bhaint amach thar raon táirgí chun aon bhónas a thuilleamh ar dóigh nach mbeidh ag luí leis an dleacht chun gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint. Féadfaidh coinníollacha, nach mór a chomhlíonadh sula n-íocfar dreasacht, tionchar a imirt ar dhaoine ábhartha chun díol míchuí a dhéanamh. Mar shampla, i gcás nach féidir aon bhónas a thuilleamh ar dhíolacháin mura mbaintear amach íos-sprioc do gach ceann de chineálacha éagsúla táirgí, d’fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar cibé acu an moltar

táirgí oiriúnacha. Sampla eile is ea nuair a dhéantar laghdú ar bhónas nó ar íocaíochtaí dreasachta a tuilleadh toisc nár baineadh amach sprioc nó tairseach thánaisteach.

a. Sampla: Tá daoine ábhartha ag gnólacht a dhíolann raon táirgí a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla na gcliant, agus roinntear an raon táirgí ina thrí 'bhuicéad' bunaithe ar chineál riachtanas an chliaint. Féadfaidh daoine ábhartha íocaíochtaí dreasachta a fhabhrú le haghaidh gach táirge a dhíoltar, ach ag deireadh gach tréimhse míosúla, ní dhéantar aon íocaíocht dreasachta mura bhfuil ar a laghad 50% den sprioc díolacháin a socraíodh do gach 'buicéad' bainte amach acu.

b. Sampla: Díolann gnólacht táirgí a bhfuil raon de ghnéithe roghnacha 'bhreiseáin' acu. Faigheann an duine ábhartha íocaíochtaí dreasachta do gach díolachán, le híocaíocht bhreise má cheannaíonn an cliant gné fhorlíontáin. Mar sin féin, ag deireadh gach tréimhse míosúla ní dhéantar aon íocaíocht dreasachta mura bhfuil ráta treá de 50% ar a laghad bainte amach acu de na táirgí a dhíoltar le gné fhorlíontáin.

4. Tuarastail inathraithe nuair a athraíonn na socruithe bunphá (suas nó síos) do dhaoine ábhartha bunaithe ar fheidhmíocht i gcoinne spriocanna díolacháin: i gcásanna den sórt sin, féadfaidh tuarastal iomlán an duine ábhartha a bheith – i ndáiríre – ina luach saothair athraitheach.

   a. Sampla: Laghdóidh gnólacht buntuarastal duine ábhartha go suntasach mura gcomhlíonann sé nó sí sainspriocanna díolacháin. Mar sin tá an baol ann go ndéanfaidh sé nó sí díolacháin mhíchuí chun an toradh seo a sheachaint. Mar an gcéanna, d'fhéadfadh go mbeadh daoine ábhartha spreagtha go láidir chun díolachán a dhéanamh mar gheall ar an ionchas go méadófar an buntuarastal agus na sochair ghaolmhara.

5. Beartais agus cleachtais luacha saothair a chruthaíonn toradh díréireach ar dhíolacháin imeallacha: i gcás inar gá do dhaoine ábhartha íosleibhéal díolacháin a bhaint amach sular féidir íocaíochtaí dreasachta a thuilleamh, nó sula méadaítear dreasachtaí, méadaítear an riosca. Sampla eile is ea scéimeanna lena n-áirítear 'luasairí' ina méadaítear céatadán an bhónais a thuilltear trí thairseach a thrasnú. I gcásanna áirithe, tá dreasachtaí iníoctha go cúlghabhálach bunaithe ar gach díolachán seachas díreach iad siúd os cionn tairsí, rud a d'fhéadfadh dreasachtaí suntasacha a chruthú do dhaoine ábhartha chun táirgí áirithe a dhíol i gcúinsí áirithe.

   a. Sampla: Déanann gnólacht íocaíochtaí dreasachta luathaithe le daoine ábhartha as gach táirge a dhíoltar le linn tréimhse ráithiúil mar a leanas:

      - 0-80% den sprioc gan aon íocaíocht
      - 80-90% den sprioc €50 in aghaidh an díolacháin
      - 91-100 % den sprioc €75 in aghaidh an díolacháin
      - 101-120 % den sprioc €100 in aghaidh an díolacháin

- >120% den sprioc €125 in aghaidh an díolacháin

Féadfaidh an sampla seo a bheith i bhfeidhm freisin nuair a fhaigheann an duine ábhartha sciar méadaitheach den choimisiún nó den ioncam a ghintear.

b. Sampla: Tá an scála luathaithe céanna ag gnólacht agus atá ag an ngnólacht sa sampla thuas, ach cuirtear an t-ardú in íocaíochtaí in aghaidh an díola i bhfeidhm go cúlghabhálach ar gach díolachán sa ráithe, m.sh. nuair a sháraítear 91% den sprioc beidh na híocaíochtaí dreasachta fabhraithe go dtí seo ag ráta de €50 in aghaidh an díolacháin go €75 in aghaidh an díolacháin. Cruthaíonn sé seo sraith de phointí ‘aille’, áit a mbíonn méadú díréireach ar an íocaíocht dreasachta mar thoradh ar dhíolachán breise amháin a theastaíonn chun spriocbhanda níos airde a bhaint amach.

## VII. Tábla comhghaoil idir na dréacht-treoirlínte ‘nua’ agus na treoirlínte 2013

| Treoirlínte Nua | Treoirlínte 2013 |
|---|---|
| **Dearadh beartas agus cleachtas um luach saothair**<br><br>Treoirlíne 1 | **V.I Rialachas agus dearadh beartas agus cleachtas luach saothair i gcomhthéacs sheoladh gnó an MiFID agus ceanglais coinbhleachtaí leasa** |
| **Rialachas**<br><br>Treoirlíne 2 | |
| **Rialú rioscaí a chruthaítear le beartais agus cleachtais luacha saothair**<br><br>Treoirlíne 3 | **V.II. Rialú rioscaí a chruthaítear le beartais agus cleachtais luacha saothair** |
| n/b | **V.III. Treoir maidir le maoirsiú agus forghníomhú na n-údarás inniúil ar bheartais agus ar chleachtais luacha saothair** |